AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

RIACHTANAIS IONTRÁLA DO CHÚRSAÍ OIDEACHAIS TOSAIGH DO MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE 2017

COMÓRTAS DO MHIC LÉINN LÁNFHÁSTA

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

ENTRY REQUIREMENTS FOR INITIAL TEACHER EDUCATION COURSES FOR PRIMARY TEACHERS 2017

MATURE STUDENTS' COMPETITION

1. Iarratas ar iontráil ar Chlár Bhaitsiléir Oideachais mar mhac léinn lánfhásta

Ritear cúrsa lánaimseartha ceithre bliana don chéim Bhaitsiléir Oideachais i ngach aon cheann de na hInstitiúidí Ardoideachais seo a leanas do Mhúinteoirí Bunscoile:

- Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9
- Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach
- Institiúid Oideachais OCBÁC, Campas Choláiste Phádraig OCBÁC, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9
- An Roinn Froebel don Bhunoideachas agus don Oideachas Luath-Óige, Ollscoil Mhá Nuad.

(Tá na sonraí teagmhála do na hInstitiúidí Ardoideachais leagtha amach in *Aguisín 1*)

Cuirtear iarratais isteach tríd an Lár-Oifig Iontrála faoi 1ú Feabhra 2017. Ní mór d'iarratasóirí lánfhásta 23 bliana ar a laghad a bheith slán acu ar 1 Eanáir na bliana iontrála (1 Eanáir 2017 i gcomhair iontrála i bhfómhar 2017).

Is ceadaithe daoine a n-éiríonn leo sa chúrsa seo a chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bealach 1 (Bunscoil).

2. Íosriachtanais Acadúla - Scrúdú na hArdteistiméireachta

Ginearálta:

- Grád A5 (50%-59%) ar pháipéir Ardleibhéil i dtrí ábhar ar a laghad
- Grád G6 (40%-49% Gnáthleibhéal)/ A7 (30%-40% Ardleibhéal) /H7 i dtrí ábhar eile de réir Rialacha agus Clár do leith Meánscoileanna

Ábhair Riachtanacha:

Ábhar	Gaeilge	Matamaitic	Béarla
Íosghrád (Scéim nua 2017)	A5	A6 nó G6	G5 nó A6
% den Mharc	50% - 59%	40%-49%	50% - 59% nó 40%-49%

A – Ardleibhéal
G – Gnáthleibhéal

Na gráid agus % marcanna sa scéim grádaithe 1992-2016 agus 2017 scéim grádaithe nua leagtha amach in Aguisín 3

Teaglaim torthaí ó Scrúduithe Ardteistiméireachta éagsúla

Féadfaidh iarratasóirí torthaí a fuarthas i Scrúdú na hArdteistiméireachta i mblianta éagsúla a chur le chéile chun na riachtanais acadúla a shásamh.

Malairtí inghlactha i gcás na Gaeilge nó an Bhéarla nó na Matamaitice

Glacfar le Pas i scrúdú Ollscoile Ealaíon Céad Bliana sa Ghaeilge, sa Bhéarla nó sa Mhatamaitic in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/GCE/GCSE don ábhar ar leith sin.

I gcás na Gaeilge glacfar chomh maith le Grád C sa Scrúdú Máithreánach (a bhí ann suas go 1992) in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/GCE/GCSE. Ina theannta sin, glactar leis go sasaíonn an riachtanas Ardteistiméireachta/GCE/GCSE.

- Dioplóma sa Ghaeilge ó Ollscoil na hÉireann Má Nuad
- Dioplóma san Ealaíon (Ghaeilge Fheidhmeach) ón Ollscoil Náisiúnta Corcaí
- Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach ón Ollscoil Náisiúnta BAC
- Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal C1 ón Ollscoil Náisiúnta Gaillimh
- Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal B2 ón Ollscoil Náisiúnta Gaillimh
- Dioplóma sa Ghaeilge (An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha), Ollscoil Luimnigh
- Dioplóma sa Ghaeilge ó Ollscoil Uladh
- Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ag Leibhéal B2, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

I gcás na Matamaitice amháin, glacfar chomh maith le Pas san ábhar sin sa Scrúdú Máithreánach (scortha) in ionad riachtanais Scrúdú na hArdteistiméireachta/GC(S)E.

Tá na híosriachtanais acadúla i Scrúduithe an **GC(S)E agus an GCE** Leibhéal A agus Leibhéal AS leagtha amach in Aguisín 2.

3. An Próiseas Roghnúcháin

Nuair atá na híosriachtanais acadúla sásaithe ag iarratasóirí roghnaítear eatarthu trí Agallamh Ginearálta iomaíoch agus Béaltriail Ghaeilge iomaíoch. Seolfaidh an Lár-Oifig Iontrála ríomhphost chuig iarratasóirí intofa agus nasc ann leis an bhfoirm iarratais fhorlíontach agus treoracha maidir le bearta eile gur gá iad a dhéanamh. Cuirfidh an Lár-Oifig Iontrála iarratasóirí san áireamh a bhfuil sé curtha in iúl acu go bhfuil siad chun an Ardteistiméireacht/GC(S)E a sheasamh in 2017 mar iarratasóirí atá 'intofa ar choinníoll' ar an mbonn nach fios go dtí mí Lúnasa cé na torthaí a bheas bainte amach acu insna scrúduithe sin. Is é an spriocdháta chun an fhoirm iarratais fhorlíontach agus í comhlánaithe agus na ceangaltáin a ghabhann léi a chasadh ar ais chuig an Institiúid ná **5.15 p.m. ar 5ú Aibreán 2017**.

Grádófar torthaí na dtástálacha seo agus leithdháilfear pointí mar seo a leanas:

Agallamh	**Iomlán na Marcanna atá le Fáil** 100 Marc	**Pasmharc** 40 Marc
Béaltriail Ghaeilge	**Iomlán na Marcanna atá le Fáil** 40 Marc	**Pasmharc** 16 Marc

Ní hintofa don chomórtas iarratasóirí a bhfuil teipthe orthu san Agallamh Ginearálta dhá uair cheana. Féadfaidh cuid den agallamh a bheith trí Ghaeilge.
Tá eolas faoin Agallamh agus faoin Bhéaltriail Ghaeilge ar fáil ó na hInstitiúidí Ardoideachais.

Bristear as an gcomórtas iarratasóirí a fhaigheann grád "teip" san Agallamh Ginearálta nó sa Bhéaltriail Ghaeilge, ceachtar acu. Cuirtear na h-iarratasóirí eile in ord fiúntais a shocraítear de réir thoradh an Agallaimh Ghinearálta agus na Béaltrialach Gaeilge le chéile. Tá dhá liosta ar leith oird fiúntais ann - liosta coiteann amháin do Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Campas Naomh Pádraig,e Droim Conrach; An Roinn Froebel don Bhunoideachas agus don Oideachas Luath-Óige, Ollscoil Mhá Nuad; agus Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino agus ceann do Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Áit a bhfaigheann beirt iarratasóirí nó os a chionn sin an líon céanna pointí, cinnfear a n-ionaid ar an ord fiúntais trí roghnú randamach.

Líonfaidh gach aon Institiúid a cuid ionad trí thagairt don liosta cuí den ord fiúntais agus déanfar tairiscintí tríd an Lár-Oifig Iontrála agus an gnáthphróiseas leithdháilte á úsáid, ag dul

síos trí chéadroghanna an iarratasóra chun an céadrogha is airde a aimsiú a bhfuil an t-iarratasóir i dteideal tairiscint a fháil ina leith, más ann dó sin.

Déanfar tairiscintí tríd an Lár-Oifig Iontrála do roinnt iarratasóirí a bheidh ag barr an oird fhiúntais go luath i mí Iúil (Babhta A). Féadfar tairiscintí a dhéanamh do na hiarratasóirí eile, iad siúd atá ag fanacht ar thorthaí scrúduithe 2017 san áireamh, tríd an Lár-Oifig Iontrála i lár mhí Lúnasa (Babhta 1). Más gá, féadfar tairiscintí a dhéanamh i mbabhtaí eile ina dhiaidh sin. Tugtar faoi deara go mbeidh tairiscint ar bith faoi réir ag na híosriachtanais iontrála a bheith sásaithe. Beidh tairiscint a bheidh arna déanamh ag ceann de na hInstitiúidí atá liostáilte thuas faoi réir ag an gcoinníoll nach mbeidh tairiscint níos airde faighte ag an iarratasóir ó Institiúid Ardoideachais tríd an Lár-Oifig Iontrála i leith cúrsa eile.

Éilítear ar iarratasóirí a n-éiríonn leo agus a ghlacann le hionaid iontráil ar na hInstitiúidí Ardoideachais sa bhfómhar (tá na dátaí féin ar fáil ó na hInstitiúidí ar leith). I dtosca speisialta, féadfar an dáta iontrála a chur siar ar feadh tréimhse teoranta, faoi rogha údaráis na nInstitiúidí Ardoideachais.

4. Eolas Breise

Cumas sa Ghaeilge:

1. Cúrsa Gaeltachta – Freastal agus Costas: Ní mór do gach mac léinn atá ag gabháil don túsoideachas bunmhúinteoireachta freastal ar chúrsa cónaitheach sa Ghaeltacht. Is cóir a nótáil gur cuid ***éigeantach*** den chúrsa é seo. Le héifeacht ó thús na bliana acadúla 2012/13, ní íocann an Roinn Oideachais & Scileanna an costas don chúrsa éigeantach seo feasta.

2. Béaltriail Ghaeilge: Ina theannta sin, is cóir d'iarratasóirí a nótáil go gcuirfear béaltriail Ghaeilge ar mhic léinn ag deireadh na céad bliana de thúsoideachas múinteoireachta, agus ní mór dóibh pas a fháil sa triail seo chun dul ar aghaidh chuig an dara bliain den chúrsa. Féadfar, faoi rogha na hInstitiúide Ardoideachais, cead a thabhairt do mhic léinn a theipeann orthu sa bhéaltriail Ghaeilge seo an triail a dhéanamh arís.

Deontais Mac Léinn: Tá córas nua chun deontais a iarraidh ar líne amháin curtha ar bun. Cuirtear iarratais isteach ar líne tríd an údarás singil cáiliúcháin, Student Universal Support Ireland (SUSI) ag www.studentfinance.ie.

Scoláireachtaí: Cuirfear scéim shingil amháin de sparánachtaí bunaithe ar fhiúntas in áit Scoláireachtaí Sheachtain na Cásca, Scoláireachtaí Ollscoile Gaeltachta agus Scoláireachtaí Gaeilge Tríú Leibhéal. Tá sonraí na scéime nua ar fáil ón Aonad Ardoideachais - Cothroime Rochtana, An Roinn Oideachais & Scileanna, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí (Teileafón: 057932 -5317).

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh:

1. *Grinnfhiosrúchán an Gharda:* Sular féidir le hInstitiúid Ardoideachais clárúchán mic léinn a chur i gcrích; éilíonn an Institiúid Ardoideachais ar gach mac léinn nua atá ag gabháil d'oideachas múinteoireachta dul faoi phróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda d'fhonn a fháil amach an bhfuil aon chiontú acu nó cúiseamh coiriúil ar feitheamh. Áit a ndearbhaíonn an próiseas seo go bhfuil a leithéid ann, cuirtear an cheist faoi bhráid Choiste Grinnfhiosrúcháin laistigh den Institiúid a chinneann an féidir leis an mac léinn leanúint dá c(h)lár staidéir.

2. *Riachtanais Leighis:* Éilíonn na hInstitiúidí Ardoideachais ar gach mac léinn nua atá ag gabháil d'oideachas múinteoireachta foirm eolais leighis a chomhlánú, a chuireann in iúl an amhlaidh go bhfuil tinneas nó míchumas leanúnach suntasach ar bith acu a fhéadfadh dul i gcion go díobhálach ar a gcumas chun riachtanais an chúrsa a shásamh, Socrúchán Scoile san áireamh. Déanfar iontrálaithe a luann cúinsí sláinte, míchumais nó staideanna síceolaíochta a mheas ar bhonn aonair chun a mheas cé acu, le hoiriúntais réasúnta, an mbeadh an cumas acu riachtanais an chláir a shásamh. Ní dhéanfar daoine aonair a eisiamh toisc go bhfuil riocht nó míchumas ar leith acu má mheastar gur dócha go mbeadh sé indéanta don duine sin riachtanais an chúrsa a shásamh le hoiriúnta(i)s réasúnta. Cuirfidh na hInstitiúidí Ardoideachais comhairle ar mhic léinn maidir leis an ngnás atá le leanúint ina leith seo.

Aguisín 1
Institiúidí Ardoideachais – Sonraí Teagmhála

Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann,
Bóthar Ráth Maonais Uacht.,
Baile Átha Cliath 6.
Teil: (01) 497 0033
Rphost: alodge@cice.ie
Suíomh Gréasáin: www.dcu.ie

Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa,
Baile Átha Cliath 9.
Teil: (01) 805 7752
Rphost: admissions@mie.ie
Suíomh Gréasáin: www.mie.ie

An Roinn Froebel don Bhunoideachas agus don Oideachas Luath-Óige
Ollscoil Mhá Nuad
Má Nuad, Co. Chill Dara
Teil: (01) 708 3822
Rphost: admissions@nuim.ie
Suíomh Gréasáin: www.nuim.ie

Coláiste Mhuire gan Smál,
An Cuarbhóthar Theas,
Luimneach.
Teil: (061) 204 300
Rphost: admissions@mic.ul.ie
Suíomh Gréasáin: www.mic.ul.ie

Institiúid Oideachais OCBÁC
Campas Choláiste Phádraig OCBÁC
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9.
Teil: (01) 884 2096
Rphost: courseinfo@dcu.ie
Suíomh Gréasáin: www.dcu.ie

Aguisín 2

Íosriachtanais Acadúla i Scrúduithe an GC(S)E agus an GCE Leibhéal AS agus Leibhéal A d'iontráil ar an gCúrsa Céime Bhaitsiléir Oideachais

Ginearálta

- Ní mór sé ábhar a chur i láthair, trí chinn acu ar a laghad ag an GCE Leibhéal A agus na hábhair eile ag an GCE Leibhéal AS nó GC(S)E. Ní mór Gaeilge, Béarla agus Matamaitic a bheith san áireamh i measc na sé ábhar.
- Ní ceadaithe ábhar a chomhaireamh as níos mó ná ceann amháin de na scrúduithe, GC(S)E, GCE Leibhéal AS nó GCE Leibhéal A.
- Ní ghlacfar ach le hábhair a rinneadh in aon iarracht amháin ar scrúdú ar leith, GC(S)E, GCE Leibhéal AS nó GCE Leibhéal A. Meastar gur cuid den iarracht chéanna iad scrúduithe a rinneadh sa bhliain acadúil chéanna.

Riachtanais Shainiúla sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic

- Grád C ag GCE Leibhéal A i dtrí ábhar ar a laghad, an Ghaeilge san áireamh
- Grád C ag Leibhéal an GC(S)E i mBéarla agus i Litríocht an Bhéarla araon, nó Grád B ag Leibhéal an GC(S)E i gceachtar den dá ábhar sin
- Grád D ag Leibhéal an GC(S)E i Matamaitic Bhreise nó Grád C ag Leibhéal an GC(S)E sa Mhatamaitic
- Grád C in ábhar amháin eile ag Leibhéal an GC(S)E.

Beidh ar iarratasóirí riachtanais mháithreánacha na hOllscoile a bhfuil an Institiúid Ardoideachais cleamhnaithe léi a shásamh.

Aguisín 3

Scrúdú na hArdteistiméireachta

Scéim Grádaithe - 1992-2016 Scéim agus Scéim nua 2017

1992 – 2016 Scéim	**% den Mharc**	**Scéim Nua 2017**	**% den Mharc**
A1	90-100	A1 / G1	90-100
A2	85<90	A2 / G2	80<90
B1	80<85		
B2	75<80	A3 / G3	70<80
B3	70<75		
C1	65<70	A4 / G4	60<70
C2	60<65		
C3	55<60	A5 / G5	50<60
D1	50<55		
D2	45<50	A6 / G6	40<50
D3	40<45		
E	25<40	A7/G7	30<40
F	10<25	A8/G8	0<30

A – Ardleibhéal
G – Gnáthleibhéal